**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánaíoch*

**A9-0240/2020**

2.12.2020

# TUARASCÁIL

maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe
(2020/2137(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Rapóirtéir: Pascal Durand

PR_INI

CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................16

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA.............................................19

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN gCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA.........................................................................................25

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................31

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........32

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe**
**(2020/2137(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine (UNGPanna), 2011[1],

– ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe[2],

– ag féachaint do Threoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta[3],

– ag féachaint do Threoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Gnó Freagrach[4] agus d'Iompar Freagrach Gnó d'Infheisteoirí Institiúideacha[5],

– ag féachaint do Dhearbhú Tríthaobhach na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ar Phrionsabail a Bhaineann le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta[6],

– ag féachaint do Chomhaontú Pháras, a glacadh an 12 Nollaig 2015[7],

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le Téamh Domhanda 1.5°C, 2018[8],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Márta 2020 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) (COM(2020)0080),

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006[9],

– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú (COM(2018)0097),

---

[1] https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr_en.pdf
[2] https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/
[3] http://mneguidelines.oecd.org/guidelines/
[4] https://www.oecd.org/investment/due-diligence-guidance-for-responsible-business-conduct.htm
[5] https://mneguidelines.oecd.org/RBC-for-Institutional-Investors.pdf
[6] https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_emp/---emp_ent/---multi/documents/publication/wcms_094386.pdf
[7] https://unfccc.int/files/essential_background/convention/application/pdf/english_paris_agreement.pdf
[8] https://www.ipcc.ch/2018/10/08/summary-for-policymakers-of-ipcc-special-report-on-global-warming-of-1-5c-approved-by-governments/
[9] IO L 150, 20.5.2014, lch. 195.

– ag féachaint don Chomhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

– ag féachaint do Chlár Oibre coigeartaithe an Choimisiúin do 2020 (COM(2020)0440),

– ag féachaint do Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis bhliantúla airgeadais, leis na ráitis chomhdhlúite airgeadais agus le tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle[10] ('an Treoir Chuntasaíochta'),

– ag féachaint do Threoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le nochtadh faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe[11] ('an Treoir maidir leis an Tuairisciú Neamhairgeadais' – NFRD),

– ag féachaint do Threoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint ar iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach[12],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2017/828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leasaítear Treoir 2007/36/CE maidir le rannpháirtíocht scairshealbhóirí fadtéarmacha a spreagadh[13] ('an Treoir maidir le Cearta Scairshealbhóirí'),

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais[14],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais[15] ('an Rialachán maidir le Nochtadh'),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088[16] ('an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht'),

– ag féachaint do na Treoirlínte ón gCoimisiúin maidir leis an tuairisciú neamhairgeadais (modheolaíocht chun faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú)[17] agus do na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú neamhairgeadais: Forlíonadh i ndáil le faisnéis a

---

[10] IO L 182, 29.6.2013, lch. 19.
[11] IO L 330, 15.11.2014, lch. 1.
[12] IO L 157, 15.6.2016, lch. 1.
[13] IO L 132, 20.5.2017, lch. 1.
[14] IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.
[15] IO L 317, 9.12. 2019, lch. 1.
[16] IO L 198, 22.6.2020, lch. 13.
[17] IO L 215, 5.7.2017, lch. 1.

bhaineann leis an aeráid a thuairisciú[18],

– ag féachaint don Tuarascáil Deiridh ón bhFóram Ardleibhéil maidir le hAontas na Margaí Caipitil dar teideal *A new vision for Europe's capital markets* [Fís nua do mhargaí caipitil na hEorpa][19],

– ag féachaint don staidéar a tarraingíodh suas don Choimisiún i mí Iúil 2020 dar teideal *Study on directors' duties and sustainable corporate governance* [Staidéar ar dhualgais stiúrthóirí agus ar rialachas corparáideach inbhuanaithe],

– ag féachaint do Chreat na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Cosaint, Meas agus Leigheas, 2008[20],

– ag féachaint don staidéar a dréachtaíodh don Choimisiún i mBealtaine 2020 dar teideal *Improving financial security in the context of the Environmental Liability Directive* [Feabhas a chur ar shlándáil airgeadais i gcomhthéacs na Treorach um Dhliteanas Comhshaoil][21],

– ag féachaint do Phrionsabail Osló maidir le hOibleagáidí Domhanda chun an tAthrú Aeráide a Laghdú[22],

– ag féachaint do na moltaí ón Tascfhórsa maidir le Nochtaí Airgeadais a bhaineann le Cúrsaí Aeráide, Meitheamh 2017,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0240/2020),

A. de bhrí go bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe ar na luachanna a luaitear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus de bhrí go bhfuil a bheartas comhshaoil bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, mar a luaitear in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

B. de bhrí, i gcomhthéacs corparáideach, go dtugtar le tuiscint le cur chuige inbhuanaitheachta go dtugann cuideachtaí aird chuí ar ábhair imní ghinearálta maidir leis an tsochaí agus leis an gcomhshaol, amhail cearta a bhfostaithe agus urraim do theorainneacha pláinéadacha, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na rioscaí is práinní dóibh sin lena gcuid gníomhaíochtaí;

C. de bhrí gur tionscnaimh dheonacha iad na tionscnaimh idirnáisiúnta iomadúla lena gcuirtear rialachas corparáideach inbhuanaithe chun cinn, de bhrí gur ionstraimí dlí

[18] IO L 209, 20.6.2019, lch. 1.
[19] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/business_economy_euro/growth_and_investment/documents/200610-cmu-high-level-forum-final-report_en.pdf
[20] http://www.undocs.org/A/HRC/8/5
[21] https://ec.europa.eu/environment/legal/liability/pdf/Final_report.pdf
[22] https://climateprinciplesforenterprises.files.wordpress.com/2017/12/osloprincipleswebpdf.pdf

bhoig amháin iad agus go bhfuil sé léirithe den chuid is mó nach bhfuil siad éifeachtach chun iompar corparáideach a athrú i dtreo na hinbhuanaitheachta; de bhrí go leagtar béim sa staidéar a dréachtaíodh don Choimisiún ar dhualgais stiúrthóirí agus ar rialachas corparáideach inbhuanaithe de bhun an Phlean Gníomhaíochta Airgeadais Inbhuanaithe ar na tairbhí a bhaineann le hoibleagáidí stiúrthóirí a shoiléiriú vis-à-vis inbhuanaitheacht agus cúinsí fadtéarmacha; go dtugtar chun suntais inti na fadhbanna a bhaineann leis an ngearrthéarmachas agus á mheabhrú gur gá do chuideachtaí leasanna fadtéarmacha a ionchorprú chun an tAontas a choinneáil ar an mbóthar ceart chun a ghealltanais inbhuanaitheachta féin a chomhlíonadh; de bhrí go léirítear go soiléir sa staidéar gur gá reachtaíocht an Aontais a ghlacadh i ndáil leis sin;

D. de bhrí gur thug an tAontas Eorpach faoi roinnt tionscnamh, le linn an téarma reachtaigh dheireanaigh, chun iarracht a dhéanamh trédhearcacht agus fadtéarmachas a chothú i ngníomhaíochtaí airgeadais agus eacnamaíocha amhail an Treoir maidir le Cearta Scairshealbhóirí, an Plean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú, an Rialachán maidir le Nochtadh agus an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht; de bhrí gur cuireadh tús leis an treocht sin, inter alia, le glacadh na Treorach maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais (NFRD); de bhrí go bhfuil nochtadh faisnéise neamhairgeadais riachtanach chun feidhmíocht gnóthas agus a dtionchar fadtéarmach ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol a thomhas, a chur faoi fhaireachán agus a bhainistiú;

E. de bhrí go bhfuil NFRD fite fuaite le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus gur chéim shuntasach chun cinn é i dtaca le tuairisciú neamhairgeadais a chur chun cinn san Aontas; de bhrí, mar sin féin, go bhfuil easnaimh thromchúiseacha ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun go mbeidh sé níos úsáidí d’infheisteoirí agus do gheallsealbhóirí;

F. de bhrí, de réir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, gur gá do chuideachtaí agus d’institiúidí airgeadais dlús a chur lena nochtadh sonraí maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol ionas go mbeidh infheisteoirí go hiomlán ar an eolas faoi inbhuanaitheacht a gcuid infheistíochtaí; de bhrí go bhfuil gealltanas tugtha ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar NFRD chun na críche sin; de bhrí go bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún, de réir a Chláir choigeartaithe Oibre do 2020, togra a chur chun cinn lena ndéanfar athbhreithniú ar NFRD sa chéad ráithe de 2021;

G. de bhrí gur chuir geallsealbhóirí in iúl go minic nach leor an fhaisnéis neamhairgeadais a chuireann cuideachtaí ar fáil de bhun NFRD agus nach bhfuil sí iontaofa ná inchomparáide; de bhrí gur léirigh na daoine sin a bhfuil sé de chúram orthu an fhaisnéis sin a ullmhú mearbhall a bheith orthu agus a liacht sin creataí tuairiscithe deonacha ann agus gur iarr siad soiléiriú agus caighdeánú dlíthiúil; de bhrí gur gá faisnéis níos iomláine agus níos iontaofa a nochtadh chun aon drochthionchair a d’fhéadfadh a bheith ar an aeráid, ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí a laghdú; de bhrí go bhféadfadh feabhsuithe ar thuairisciú neamhairgeadais cuntasacht na gcuideachtaí a mhéadú agus muinín sna cuideachtaí a fheabhsú; de bhrí nár cheart go gcruthódh na feabhsuithe sin míchothromaíochtaí iomaíochta éagóracha; de bhrí gur cheart, dá bhrí sin, costais riaracháin a chur san áireamh sna hoibleagáidí maidir le nochtadh agus gur cheart dóibh a bheith comhréireach le méid na cuideachta agus i gcomhréir le reachtaíocht eile is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí gnó, amhail urraim do rúin

trádála agus cosaint sceithirí;

H. ós rud é go léirítear sa staidéar a rinneadh don Choimisiún ar dhualgais stiúrthóirí agus ar rialachas corparáideach inbhuanaithe go bhfuil ag méadú ar an gclaonadh atá ag cuideachtaí atá liostaithe go poiblí san Aontas díriú ar leasanna gearrthéarmacha a gcuid scairshealbhóirí; de bhrí go moltar sa staidéar roinnt roghanna reachtacha ar leibhéal an Aontais lena gcuirfí feabhas suntasach ar inbhuanaitheacht chorparáideach; de bhrí gur gá creat reachtach a ghlacadh le haghaidh cuideachtaí Eorpacha, agus prionsabal na comhréireachta á urramú go hiomlán agus ualach iomarcach riaracháin ar chuideachtaí Eorpacha á sheachaint; de bhrí nach mór don chreat sin comhlíonadh an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú ann agus nár cheart go gcruthódh sé míbhuntáistí san iomaíocht;

I. de bhrí go gcuimsítear i gcur chuige inbhuanaitheachta maidir le rialachas corparáideach cearta an duine agus cosaint an chomhshaoil araon; de bhrí gur cheart ceanglas dlíthiúil maidir le faisnéis a nochtadh ar faisnéis í a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus fostaithe agus cearta an duine, breabaireacht agus éilliú a mheas mar ghné den ‘fhreagracht chorparáideach maidir le hurraim’ mar a shainmhínítear í i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine;

J. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm le Comhaontú Pháras an méadú ar mheánteocht an phláinéid a choinneáil roinnt mhaith níos ísle ná 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn a chur leis an méadú teochta ag 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;

K. de bhrí gur minic a bhíonn saothrú neamh-inbhuanaithe an chomhshaoil nádúrtha agus dhaonna mar thoradh ar an iomaíocht dhomhanda atá ag dul i méid i dtaobh rochtain ar acmhainní nádúrtha;

L. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag rialachas corparáideach i gcomhlíonadh ghealltanais an Aontais maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme;

M. de bhrí go bhfuil rioscaí tromchúiseacha ag baint leis an athrú aeráide do shlándáil an tsoláthair bia, eadhon d’infhaighteacht, inrochtaineacht agus úsáid bia agus do chobhsaíocht na gcóras bia; de bhrí gurb ionann banfheirmeoirí agus 45-80 % den táirgeadh iomlán bia i dtíortha i mbéal forbartha, agus tionchar díréireach ag an athrú aeráide agus ag díghrádú comhshaoil orthu;

N. de bhrí go mbunaítear le Coinbhinsiún Aarhus roinnt cearta comhshaoil don phobal agus do chomhlachais, lena n-áirítear an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, an ceart chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht chomhshaoil agus an ceart chun rochtain a fháil ar cheartas;

O. de bhrí go bhfuair Coiste na Náisiún Aontaithe um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus in 2017 go raibh Coinbhinsiún Aarhus á shárú ag an Aontas toisc nár cheadaigh sé do dhaoine den phobal agóid a dhéanamh i gcoinne chinntí institiúidí an Aontais os comhair chúirteanna an Aontais;

P. de bhrí gur chuir an Coimisiún le huaillmhianta don tréimhse idir 2019 agus 2024 trí chlár oibre a leagan amach don Chomhaontú Glas don Eoraip, lena ndearbhaítear go gcaithfidh an Eoraip an t-aistriú chuig pláinéad sláintiúil a threorú;

Q. de bhrí go bhfuil dualgas dlíthiúil agus reachtúil ar stiúrthóirí cuideachtaí gníomhú chun leasa na cuideachta; de bhrí go raibh an dualgas sin ina ábhar léirmhínithe éagsúla i ndlínsí éagsúla agus gur minic ab ionann leas na cuideachta agus leasanna airgeadais an scairshealbhóra; de bhrí gur cheart leasanna geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear fostaithe agus leasanna sochaíocha níos leithne, a thabhairt san áireamh agus leas na cuideachta á mheas; de bhrí go ndéanann léirmhíniú cúng ar an dualgas seo maille le fócas iomarcach ar uasmhéadú brabúis gearrthéarmach dochar d’fheidhmíocht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na cuideachta, agus dá bhrí sin do leasanna fadtéarmacha a cuid scairshealbhóirí;

R. de bhrí gur cheart comhsheasmhacht reachtaíocht an Aontais maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe a bhaint amach trí oibleagáidí nithiúla agus dreasachtaí a bhunú chun gníomhú agus ní hamháin chun faisnéis a thuairisciú; de bhrí go bhfuil gá, dá bhrí sin, le creat breise lena sainítear dualgais bord cuideachtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de;

S. de bhrí gur cheart don Choimisiún, d’fhonn rialachas corparáideach san Aontas a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos trédhearcaí agus níos cuntasaí, chomh maith leis na tograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar NFRD, reachtaíocht nua a thabhairt isteach maidir le dícheall cuí agus dualgais stiúrthóirí; de bhrí gur cheart, má tá oibleagáidí díchill chuí agus dualgais stiúrthóirí le cumhdach ag aon ionstraim reachtach amháin, iad a dheighilt go soiléir ina dhá chuid éagsúla; de bhrí go bhfuil na hoibleagáidí agus na dualgais sin comhlántach ach nach bhfuil siad inmhalartaithe, ná nach bhfuil ceann acu faoi réir an chinn eile;

***Oibleagáidí maidir le tuairisciú neamhairgeadais***

1. á iarraidh ar an gCoimisiún, agus gníomhaíocht nua á moladh aige i réimse dhlí na gcuideachtaí agus an rialachais chorparáidigh, an chothromaíocht chuí a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, an gá atá le brú gearrthéarmach ar stiúrthóirí corparáideacha a laghdú agus comhtháthú ábhar imní inbhuanaitheachta a chur chun cinn sa chinnteoireacht chorparáideach, agus, ar an taobh eile, an gá atá le solúbthacht leordhóthanach, agus comhchuibhiú á áirithiú ag an am céanna; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ról na stiúrthóirí a neartú maidir le leasanna fadtéarmacha cuideachtaí a shaothrú i ngníomhaíocht amach anseo ar leibhéal an Aontais agus a thábhachtaí atá sé cultúr a chruthú laistigh de chomhlachtaí rialaithe cuideachtaí ina gcuirtear rialachas corparáideach inbhuanaithe san áireamh agus a chur chun feidhme;

2. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar NFRD; á thabhairt chun suntais gur cheart don athbhreithniú sin a bheith ag teacht go hiomlán leis na ceanglais a fhorchuirtear leis an Rialachán maidir le Nochtadh agus leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí a áirítear sa rún seo a chur san áireamh;

3. ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfar raon feidhme NFRD a mhéadú chun go gcumhdófar leis na gnóthais mhóra uile atá liostaithe agus neamhliostaithe agus atá

bunaithe ar chríoch an Aontais, mar a shainítear in Airteagal 3(4) den Treoir Chuntasaíochta; á chur i bhfáth gur cheart feidhm a bheith freisin ag oibleagáidí tuairiscithe neamhairgeadais maidir le cuideachtaí neamh-AE atá ag feidhmiú i margadh an Aontais d'fhonn cothrom iomaíochta a chur ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún earnálacha ardriosca ina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch a shainaithint, ar earnálacha iad a bhfuil tionchar suntasach acu ar chúrsaí inbhuanaitheachta agus a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a áireamh sna hearnálacha sin, laistigh de raon feidhme NFRD; measann SÍ, chun na críche sin, gur cheart don Choimisiún leas a bhaint as saineolas neamhspleách seachtrach chun liosta táscach, neamh-uileghabhálach agus a nuashonraítear go rialta a chur ar fáil de limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus de limistéir ardriosca mar aon le treoir shonrach do FBManna; á mheas, go háirithe, gur cheart díriú go sonrach ar infheistíochtaí agus ar earnálacha a mbíonn baint acu go minic le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha gnó, amhail coireanna comhshaoil, trádáil neamhdhleathach i bhfiadhúlra, éilliú nó coireacht airgeadais; á chur i bhfáth go bhfuil gá freisin le hathbhreithniú ar NFRD chun rochtain a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ar na sonraí ábhartha d'fhonn oibleagáidí an Rialacháin maidir le Nochtadh a chur i gcrích;

4. ag cur béim ar an bhfíoras gur colún tábhachtach é rialachas corparáideach inbhuanaithe, lena gcuirtear ar chumas an Aontais geilleagar a bhaint amach atá athléimneach agus inbhuanaithe araon, chun cothroime iomaíochta a fheabhsú ar mhaithe le hiomaíochas idirnáisiúnta chuideachtaí an Aontais a choinneáil agus a threisiú agus oibrithe agus gnólachtaí an Aontais a chosaint ar iomaíocht éagórach ó thríú tíortha, agus a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, dul chun tairbhe do bheartas trádála agus infheistíochta an Aontais, má dhéantar é a thomhas go leordhóthanach agus go comhréireach;

5. ag tabhairt dá haire gur nochtadh le paindéim COVID-19 leochaileachtaí na slabhraí soláthair domhanda, agus gur léiríodh léi nach leor na rialacha deonacha astu féin, mar a chonacthas, mar shampla in earnáil an éadaigh inar cuireadh isteach ar tháirgeacht le linn na géarchéime, rud as ar eascair éifeachtaí diúltacha ar fud an tslabhra soláthair; ag tabhairt dá haire go bhfuil ag éirí níos fearr le gnólachtaí a bhfuil cleachtais chomhshaoil, shóisialta agus rialachais dhea-shainithe agus próisis maolaithe riosca níos fearr acu na cosa a thabhairt leo ón ngéarchéim; ag aithint go bhfuil sé ráite[23] ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) gur dócha, maidir le cuideachtaí a bhfuil céimeanna réamhghníomhacha á nglacadh acu chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le géarchéim COVID-19 ar bhealach lena maolófar na drochthionchair a bhíonn ar oibrithe agus ar shlabhraí soláthair, gur dócha go gcruthóidh siad níos mó luacha agus athléimneachta san fhadtéarma agus go gcuirfidh siad lena n-inmharthanacht sa ghearrthéarma agus lena n-ionchais maidir le téarnamh sa mheántéarma agus san fhadtéarma;

6. ag tabhairt dá haire go mbunaítear leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht sraith cuspóirí comhshaoil, eadhon maidir le hathrú aeráide, úsáid agus cosaint uisce agus acmhainní mara, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar thruailliú, agus maidir le bithéagsúlacht agus éiceachórais; á mheas gur cheart coincheap na

[23] http://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/covid-19-and-responsible-business-conduct-02150b06/#:~:text=A%20responsible%20business%20conduct%20(RBC,both%20government%20and%20business%20response

gcúrsaí comhshaoil in NFRD a léirmhíniú i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus gur cheart gach cineál truaillithe a áireamh ann; á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí an Tascfhórsa maidir le Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid a chur san áireamh agus forbairt teicnící nuálacha cuntasaíochta lena léirítear luach na n-éiceachóras a chur san áireamh agus a chur chun cinn; á mheas go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna na cúrsaí eile inbhuanaitheachta dá dtagraítear in NFRD a shainiú go beacht, amhail coincheapa na gcúrsaí sóisialta agus na n-ábhar a bhaineann le fostaithe, urraim do chearta an duine, frith-éilliú agus breabaireacht; á chreidiúint go bhféadfaí nochtadh bheartais tuarastail na gcuideachtaí a chuimsiú i gcúrsaí na bhfostaithe, agus go bhféadfaí mar chuid de sin pá a thaispeáint de réir deicíle agus bearnaí pá idir na hinscní a thaispeáint;

7. á mheas go bhfuil rialachas corparáideach inbhuanaithe ríthábhachtach maidir le treo fadtéarmach na ngnóthas agus maidir lena ngníomhaíochtaí a ailíniú le gnóthú chuspóirí foriomlána comhshaoil an Aontais mar a leagtar síos sa Chomhaontú Glas don Eoraip, chomh maith le tiomantas an Aontais a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú de réir mar a bhogann sé i dtreo na sprice atá aige aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050; á chur i bhfios go láidir gur cheart do gach earnáil rannchuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach;

8. á mheas gur cheart tagairt a dhéanamh, leis an sainmhíniú ar ábharthacht, d’aon tionchar ábhartha comhshaoil, de chuid chearta an duine agus rialachais ar an tsochaí ina hiomláine, sa bhreis ar chruthú luacha agus ar ábhair a bhaineann le glanfheidhmíocht airgeadais cuideachtaí; á iarraidh go ndéanfaí an sainmhíniú sin a athbhreithniú i gcomhréir le prionsabal na hábharthachta dúbailte arna thabhairt isteach ag NFRD agus a mhíniú tuilleadh sna Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú; á mheas gur cheart measúnú a dhéanamh ar ábharthacht i bpróiseas ina bhfuil geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach;

9. á thabhairt faoi deara go dtugtar solúbthacht shuntasach do chuideachtaí le NFRD laistigh dá raon feidhme chun faisnéis ábhartha a nochtadh ar an mbealach is úsáidí dar leo; ag tabhairt dá haire gur féidir le cuideachtaí brath faoi láthair, dá lánrogha féin, ar roinnt creataí éagsúla; á thabhairt faoi deara go bhfuil siad fós neamhchinnte maidir leis an mbealach is fearr chun a n-oibleagáidí maidir le nochtadh a chomhlíonadh; á mheas gur gá creat cuimsitheach de chuid an Aontais a bhunú, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na comhréireachta, chun sraith iomlán na saincheisteanna inbhuanaitheachta atá ábhartha maidir le tuairisciú cuimsitheach neamhairgeadais a chumhdach; á thabhairt chun suntais, i dtaca leis sin, gur cheart a áirithiú le creat reachtach an Aontais go mbeidh na nochtaí soiléir, cothrom, intuigthe, inchomparáide i measc cuideachtaí in aon earnáil amháin, infhíoraithe agus oibiachtúil, agus spriocanna inbhuanaitheachta atá faoi cheangal ama a áireamh sa chreat sin; á chur i bhfáth gur cheart caighdeáin shainordaitheacha, idir chaighdeáin ghinearálta agus chaighdeáin earnáilsonracha, a áireamh sa chreat sin freisin; á chur in iúl gur geal léi, i dtaca leis sin, tiomantas an Choimisiúin tacú le próiseas chun caighdeáin tuairiscithe neamhairgeadais de chud an Aontais a fhorbairt; á chur i bhfáth gur cheart oibleagáidí agus caighdeáin shonracha shainordaitheacha maidir le tuairisciú a leagan síos san athbhreithniú ar NFRD, le rannpháirtíocht iomchuí na ngeallsealbhóirí uile lena mbaineann, amhail an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí comhshaoil agus comhpháirtithe sóisialta;

10. á mheas gur cheart ráitis neamhairgeadais a leagan amach sa tuarascáil bhliantúil bhainistíochta d'fhonn ualaí breise ar chuideachtaí a sheachaint; á chur in iúl gur geal léi an gealltanas a thug an Coimisiún ina Phlean Gníomhaíochta maidir le hAontas na Margaí Caipitil (COM(2020)0590) maidir le togra reachtach a chur ar aghaidh faoin tríú ráithe de 2021 le haghaidh ardán digiteach ar líne ar fud an Aontais lena mbeidh saor-rochtain ar an bhfaisnéis airgeadais agus ar an bhfaisnéis neamhairgeadais araon arna tuairisciú ag cuideachtaí; á mheas gur cheart, leis an ardán sin, d'úsáideoirí a bheith in ann comparáid a dhéanamh idir na sonraí arna nochtadh ag cuideachtaí, trí chatagóirí amhail téamaí, earnálacha, tíortha, láimhdeachas agus líon na bhfostaithe a chur san áireamh;

11. ag tabhairt dá haire go n-eisiann NFRD ráitis neamhairgeadais ón gceanglas maidir le dearbhú inneachair a mbíonn ráitis neamhairgeadais cuideachtaí faoina réir i ngach cás eile; á mheas gur cheart ráitis neamhairgeadais a bheith faoi réir iniúchadh sainordaitheach, ag brath ar mhéid agus ar réimse gníomhaíochta na cuideachta lena mbaineann; á mheas gur cheart don soláthraí seirbhísí dearbhaithe, faoi réir cheanglais na hoibiachtúlachta agus an neamhspleáchais, a iniúchadh a dhéanamh i gcomhréir leis an gcreat de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo; á chur i bhfáth, i bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, gur gá aghaidh a thabhairt ar na príomhdhreasachtaí míchearta san iniúchóireacht reachtúil trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir Reachtúil Iniúchóireachta[24]; dearbhaíonn gur deis a bheadh sa mhéid sin freisin aghaidh a thabhairt ar chuasamhonaplacht na gcuideachtaí cuntasaíochta na gceithre mhórghnóthas cuntasaíochta, a dhéanann iniúchadh de ghnáth ar na cuideachtaí liostaithe is mó;

12. á thabhairt chun suntais gur cheart d'ionadaithe oibrithe a bheith rannpháirteach i sainiú an phróisis maidir le tuairisciú faisnéise neamhairgeadais agus i bhfíorú faisnéise, go háirithe maidir le spriocanna inbhuanaitheachta sóisialta agus maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra soláthair agus táirgeachta, lena n-áirítear seachfhoinsiú agus fochonraitheoireacht;

13. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé oibleagáid a thabhairt isteach lena gceanglaítear ar chuideachtaí áirithe de chuid an Aontais tuarascáil a chur ar fáil, de réir tíre agus ar bhonn bliantúil, maidir le gach dlínse chánach ina bhfeidhmíonn siad; á iarraidh ar an gComhairle a cur chuige ginearálta a ghlacadh a luaithe is féidir chun tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an bParlaimint láithreach maidir leis an togra le haghaidh treoir ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2013/34/CE maidir le faisnéis a bhaineann le cáin ioncaim a bheith á nochtadh ag gnóthais agus ag brainsí áirithe (COM(2016)0198);

14. á chreidiúint gur cheart don Aontas gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go n-áireofar sna comhaontuithe saorthrádála a chaibidlíonn sé clásail lena gceanglaítear ar na stáit chomhpháirtíochta oibleagáidí inchomparáide a leagan síos dá gcuideachtaí, d'fhonn aon mhodh nua chun saobhadh a dhéanamh ar an iomaíocht a sheachaint;

***Dualgas cúraim stiúrthóirí agus bearta breise chun go mbeadh rialachas corparáideach dírithe níos mó ar an inbhuanaitheacht***

---

[24] IO L 158, 27.5.2014, lch. 196.

15. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an éagsúlacht agus an chuimsitheacht i gcuideachtaí, as a dtagann feidhmíocht ghnó níos fearr; á iarraidh ar an gComhairle a cur chuige ginearálta a ghlacadh a luaithe is féidir chun tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an bParlaimint maidir leis an Togra maidir le Mná ar Bhoird[25], lena leagtar amach deireadh a chur leis an éagothroime fhorleatach idir mná agus fir ar na leibhéil is airde de chinnteoireacht na gcuideachtaí; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar thograí breise chun cothromaíocht inscne a fheabhsú i measc bainisteoirí sinsearacha agus iad siúd a bhfuil poist thábhachtacha acu i gcuideachtaí;

16. á chur i bhfios go láidir gur gá rannpháirtíocht níos mó ag fostaithe i bpróisis chinnteoireachta na gcuideachtaí chun cuspóirí agus tionchair fhadtéarmacha a gcuid cuideachtaí a chomhtháthú ar shlí níos fearr; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an féidir an Treoir ón gComhairle Oibreacha Eorpacha[26] a athbhreithniú agus creat nua a bhunú maidir le faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht na bhfostaithe i gcuideachtaí Eorpacha;

17. á chur i bhfáth go mbeidh mórthionchar ag an aistriú éiceolaíoch agus ag an méadú ar an digitiú ar an bhfórsa saothair; á mheas, dá bhrí sin, gur cheart, le haon rialachas corparáideach inbhuanaithe, ceart na bhfostaithe ar ghairmoiliúint leanúnach agus ar oideachas ar feadh an tsaoil le linn a n-uaireanta oibre a áirithiú agus a ráthú go héifeachtach;

18. ag tabhairt dá haire nach eintitis theibí iad cuideachtaí atá scoite ó dhúshláin chomhshaoil agus shóisialta an lae inniu; á mheas gur cheart do chuideachtaí rannchuidiú níos gníomhaí leis an inbhuanaitheacht mar go bhféadfadh a bhfeidhmíocht, a n-athléimneacht agus fiú a marthanas fadtéarmach a bheith ag brath ar leordhóthanacht a bhfreagartha ar chúrsaí comhshaoil agus sóisialta; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, gur cheart an dualgas cúraim atá ar stiúrthóirí i leith a gcuideachta a shainiú ní hamháin i ndáil le huasmhéadú brabúis gearrthéarmach trí bhíthin scaireanna, ach freisin i ndáil le hábhair imní a bhaineann le hinbhuanaitheacht; ag tabhairt dá haire go bhfuil ról tábhachtach ag stiúrthóirí feidhmiúcháin maidir le straitéis cuideachta a shainiú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar a cuid oibríochtaí; á mheas gur cheart dualgais dhlíthiúla na stiúrthóirí feidhmiúcháin gníomhú ar mhaithe le leas a gcuideachta a thuiscint mar dhualgas leasanna fadtéarmacha agus rioscaí, tionchair, deiseanna agus spleáchais inbhuanaitheachta a chomhtháthú i straitéis fhoriomlán a gcuideachta; á chur i bhfáth go bhféadfadh aistriú i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe ó infheistíochtaí neamh-inbhuanaithe a bheith i gceist leis an dualgas sin um beartú tosaíochta;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh chun a áirithiú nach féidir dualgais na stiúrthóirí a mhíléiriú mar uasmhéadú gearrthéarmach ar luach scairshealbhóirí agus é sin amháin, ach nach mór, ina ionad sin, leas fadtéarmach na cuideachta agus leasanna sochaíocha níos leithne a chur san áireamh, chomh maith le leas fostaithe agus geallsealbhóirí ábhartha eile; á chreidiúint, ina theannta sin, gur cheart a áirithiú le togra den sórt sin go mbeidh sé de dhualgas dlíthiúil ar chomhaltaí na

[25] Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2012 maidir leis an gcothromaíocht inscne a fheabhsú i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar chuideachtaí atá liostaithe ar stocmhalartán agus bearta gaolmhara (COM(2012)0614).
[26] IO L 122, 16.5.2009, lch. 28.

gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta, straitéis inbhuanaitheachta chorparáideach a shainiú, a nochtadh agus faireachán a dhéanamh uirthi;

20. á chur i bhfáth, maidir leis an athbhreithniú leanúnach ar an Treoir um Dhliteanas Comhshaoil[27], gur cheart do chuideachtaí urrúis airgeadais a bheith in seilbh acu maidir le dliteanas comhshaoil as dochar comhshaoil a dhéantar do dhaoine aonair agus d'éiceachórais;

21. á mheas gur cheart, i straitéisí inbhuanaitheachta na gcuideachtaí, saincheisteanna ábhartha a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu i gcomhréir lena n-oibleagáidí díchill chuí, ar thaobh amháin, i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe neamhairgeadais, agus, ar an taobh eile, na tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag na cuideachtaí sin ar chúrsaí comhshaoil, aeráide, sóisialta agus fostaithe, agus na himpleachtaí do chearta an duine, do bhreabaireacht agus d'éilliú a eascraíonn as a samhlacha gnó, a n-oibríochtaí gnó agus a slabhraí soláthair gnó, lena n-áirítear lasmuigh den Aontas, a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu; á mheas go n-éilítear leis an dualgas cúraim atá dlite dá gcuideachta freisin ar stiúrthóirí cloí leis an dualgas gan dochar a dhéanamh d'éiceachórais agus cosaint a thabhairt do leasanna geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear fostaithe, a bhféadfadh drochthionchar a bheith ag gníomhaíochtaí na cuideachta orthu;

22. á chreidiúint gur cheart na gnóthais mhóra uile atá liostaithe agus neamhliostaithe agus atá bunaithe ar chríoch an Aontais, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) den Treoir Chuntasaíochta, a chumhdach faoi raon feidhme na reachtaíochta a bheidh ann amach anseo; á chur i bhfáth gur cheart feidhm a bheith freisin ag an reachtaíocht seo maidir le cuideachtaí neamh-AE atá ag feidhmiú i margadh an Aontais chun cothrom iomaíochta a chur ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún sainaithint a dhéanamh ar earnálacha ardriosca ina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch ag a bhfuil tionchar suntasach ar chúrsaí inbhuanaitheachta ar tionchar é a d'fhéadfadh a bheith ina údar le feidhm a thabhairt don reachtaíocht sin maidir le FBManna sna hearnálacha sin; á mheas freisin gur amhlaidh, tar éis an mheasúnaithe tionchair a bhfuil an Coimisiún ag gabháil dó faoi láthair, ba cheart spriocanna intomhaiste, sonracha, faoi cheangal ama agus eolaíochtbhunaithe a áireamh sna straitéisí inbhuanaitheachta mar aon le pleananna aistrithe atá ailínithe le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide, go háirithe Comhaontú Pháras, an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus comhaontuithe idirnáisiúnta lena dtugtar aghaidh ar an dífhoraoisiú; á chreidiúint go bhféadfaí a áireamh sna straitéisí freisin beartas inmheánach maidir le tuarastal cóir bunaithe ar phá maireachtála in aghaidh na tíre, beartas maidir le comhionannas inscne, agus beartas lena n-áiritheofaí go gcomhtháthófaí cearta fostaithe ar bhealach níos fearr i ngníomhaíochtaí gnó; á chur i bhfios go láidir gur cheart do na cuideachtaí féin inneachar na mbeartas inmheánach sin a chinneadh, agus aird chuí á tabhairt acu ar a gcuid fostaithe agus i gcomhairle leo; á mheas gur cheart, leis na beartais sin, cúrsaí earnáilsonracha agus/nó geografacha agus cearta daoine ar de ghrúpaí nó de phobail atá an-leochaileach a chur san áireamh; á mheas go bhféadfaí leasanna na stiúrthóirí a ailíniú le leasanna fadtéarmacha a gcuideachtaí ach an chuid athraitheach de luach saothair na stiúrthóirí feidhmiúcháin a

[27] IO L 143, 30.4.2004, lch. 56.

nascadh le gnóthú na spriocanna intomhaiste a leagtar síos sa straitéis; á iarraidh ar an gCoimisiún na scéimeanna luacha saothair sin a chur chun cinn tuilleadh do na poist ardbhainistíochta;

23. ag tabhairt dá haire gur thug roinnt Ballstát coincheap 'scaireanna dílseachta' isteach ina reachtaíocht, ionas go dtugtar luach saothair don scairsheilbh fhadtéarmach trí chearta vótála agus buntáistí cánach; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar shásraí nua a thabhairt isteach chun fáltais inbhuanaithe agus feidhmíocht fhadtéarmach na gcuideachtaí a chur chun cinn; á thabhairt chun suntais gur féidir le tuilleamh coimeádta cur le tógáil cúlchistí leordhóthanacha;

24. á mheas gur cheart an Treoir maidir le Cearta Scairshealbhóirí a leasú freisin chun iompar 'foighneach' scairshealbhóirí a dhreasú, go háirithe trí scairshealúchas fadtéarmach a chúiteamh trí chearta vótála agus buntáistí cánach;

25. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go ndéantar le comhaontuithe infheistíochta idirnáisiúnta áirithe, amhail an Conradh um Chairt Fuinnimh, tús áite a thabhairt do leasanna airgeadais na gcorparáidí ilnáisiúnta i gcomparáid le tosaíochtaí comhshaoil agus aeráide; ag tathant ar an gCoimisiún gníomhaíocht ghasta a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh na comhaontuithe infheistíochta trádála atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ailínithe go hiomlán le cuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais agus tograí a chur chun cinn chun gníomhú in aghaidh grabáil agus dífhoraoisiú corparáideach talún san athbhreithniú ar NFRD atá le teacht;

26. á mheas gur cheart é a bheith de dhualgas ar chuideachtaí, sa phróiseas chun a straitéisí inbhuanaitheachta a shainiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, geallsealbhóirí ábhartha a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo; á chreidiúint gur cheart coincheap an gheallsealbhóra a léirmhíniú go leathan agus na daoine go léir a bhféadfadh cinntí na cuideachta tionchar a bheith acu ar a gcearta agus a leasanna, amhail fostaithe, ceardchumainn, pobail áitiúla, pobail dhúchasacha, comhlachais saoránach, scairshealbhóirí, an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí comhshaoil, a áireamh sa choincheap sin; á mheas go bhfuil sé riachtanach, thairis sin, dul i gcomhairle le húdaráis phoiblí náisiúnta agus áitiúla a dhéileálann le hinbhuanaitheacht na ngnóthaí eacnamaíocha, go háirithe leo siúd atá freagrach as beartais fostaíochta agus chomhshaoil;

27. á mheas gur cheart don rannpháirtíocht sin tarlú, ag brath ar mhéid agus réimse gníomhaíochta na cuideachta lena mbaineann, trí bhíthin coistí comhairleacha ina mbeidh ionadaithe geallsealbhóirí nó urlabhraithe, lena n-áirítear fostaithe agus saineolaithe neamhspleácha, a mbeidh sé d'aidhm fhoriomlán acu comhairle a thabhairt maidir le hinneachar agus cur chun feidhme straitéis inbhuanaitheachta na cuideachta; á mheas go bhféadfadh stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cathaoirleacht a dhéanamh ar na coistí comhairleacha sin agus gur cheart go mbeadh sé de cheart acu, má fhormheasann tromlach mór é, iniúchadh neamhspleách a iarraidh má dhéantar ábhair imní réasúnacha a tharraingt anuas faoi chur chun feidhme cuí na straitéise inbhuanaitheachta;

28. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag cuideachtaí a fhaigheann Státchabhair, cistiú ón Aontas, nó airgead poiblí eile nó cuideachtaí a mbíonn pleananna iomarcaíochta á gcur i gcrích acu, poist a gcuid oibrithe a choinneáil agus cosaint a thabhairt dóibh, luach saothair a

stiúrthóirí a choigeartú dá réir, a gcion cothrom cánacha a íoc, a straitéis inbhuanaitheachta a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcuspóir a lorg carbóin a laghdú, agus staonadh ó dhíbhinní a íoc nó ó scéimeanna athcheannaigh scaireanna atá dírithe ar luach saothair a thabhairt do scairshealbhóirí a thairiscint;

°

° °

29. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

I gcomhthéacs corparáideach, tugtar le tuiscint le cur chuige inbhuanaitheachta go dtugtar aird chuí ar leas na ngeallsealbhóirí éagsúla sa chuideachta, lena n-áirítear ábhair imní ghinearálta maidir leis an tsochaí agus leis an gcomhshaol. Faoi láthair, déanann roinnt tionscnaimh idirnáisiúnta rialachas corparáideach inbhuanaithe a chur chun cinn, go háirithe Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, 2011, Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, agus Dearbhú Trípháirteach EIS ar Phrionsabail maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta. Cé go bhfuil na huirlisí sin luachmhar chun iompraíocht fhreagrach ghnó a spreagadh i dtimpeallacht dhomhanda, níl iontu go fóill ach dlí bog.

Thug an tAontas Eorpach faoi roinnt céimeanna agus é mar aidhm leo trédhearcacht agus fadtéarmachas a chothú i ngníomhaíochtaí airgeadais agus eacnamaíocha, amhail athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Scairshealbhóirí, ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú, an Rialachán maidir le Nochtadh agus an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Bhí glacadh na Treorach maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais in 2014 ina chéim mhór chun tosaigh freisin maidir leis an trédhearcacht a chur chun cinn chun tomhas, faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar fheidhmíocht gnóthas agus a dtionchar fadtéarmach ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol. Mar sin féin, léirítear leis na heasnaimh a sainaithníodh le linn a chur chun feidhme gur gá feabhas a chur ar fhaisnéis maidir le tuairisciú neamhairgeadais san Aontas. Tá an Rapóirtéir lánchinnte go bhfuil an trédhearcacht ríthábhachtach chun cuntasacht a áirithiú. Is geal leis, mar sin, rannpháirteachas an Choimisiúin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir atá ann faoi láthair.

Ina theannta sin, ba cheart cur chuige comhsheasmhach maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe a bhaint amach trí oibleagáidí nithiúla a bhunú chun gníomhú agus ní díreach chun faisnéis a thuairisciú. Measann an Rapóirtéir gur gá creat nua a bhunú lena sainítear na dualgais a bheidh ar bhoird cuideachtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de.

***Oibleagáidí maidir le tuairisciú neamhairgeadais***

Sa rún uaithi an 29 Bealtaine 2018 maidir le maoiniú inbhuanaithe, d’iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí breithniú ar raon feidhme chur i bhfeidhm NFRD a mhéadú. Ba mhaith leis an Rapóirtéir an iarraidh sin a athdhearbhú agus sonrú á dhéanamh ag an am céanna ar cé na cuideachtaí nach mór dóibh cloí leis an oibleagáid maidir le faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú. Is é a thuairim gur cosúil go bhfuil an raon feidhme reatha róchúng agus nach bhfuil sé ag teacht leis na sainmhínithe a leagtar síos sa Treoir Chuntasaíochta.

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar an ábharthacht agus ba cheart é a ailíniú le saincheisteanna lena ndéantar difear do chruthú luacha fadtéarmach agus ba cheart cúrsaí seachas feidhmíocht airgeadais cuideachtaí amháin a áireamh ann.

Is minic a mheastar, maidir leis an tsolúbthacht shuntasach a ghabhann le torthaí NFRD i gcuideachtaí a thuairiscíonn faisnéis, nach leor í agus nach bhfuil sí iontaofa ná inchomparáide. Ní dhearnadh an fhadhb sin a réiteach leis na treoirlínte neamhcheangailteacha arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Eorpach. Creideann an Rapóirtéir gur gá, dá bhrí sin, creat caighdeánaithe a chur i bhfeidhm lena gceadófar nochtaí soiléire,

cothroma, intuigthe agus inchomparáide i measc cuideachtaí in aon earnáil amháin, agus iad infhíoraithe agus oibiachtúil.

Baineann deacracht eile a bhíonn ag geallsealbhóirí arís agus arís eile le suíomh na tuarascála, a bhfuil solúbthacht shuntasach sa chreat reatha ina leith freisin. Is cosúil, mar sin, gur gá an ghné sin a chomhchuibhiú. Sna imthosca go léir, ba cheart don fhaisnéis a bheith inrochtana gan stró, mar shampla ar shuíomh gréasáin na cuideachta nó trí bhíthin ardán digiteach uile-Aontais a bheadh inrochtana go poiblí agus saor in aisce.

Rud ba cheart a bheith ina dhlúthchuid den athbhreithniú is ea an ceanglas maidir le dearbhú inneachair, nach cuid é de na rialacha is infheidhme faoi láthair maidir le faisnéis neamhairgeadais. Measann an Rapóirtéir gur cheart do ba ráitis sin a bheith faoi réir iniúchadh éigeantach arna dhéanamh ag soláthraí seirbhísí dearbhaithe atá neamhchlaonta agus neamhspleách.

Tá sé ríthábhachtach a iarraidh ar an gComhairle caibidlíocht leis an bParlaimint a atosú láithreach maidir leis an togra le haghaidh treoir ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2013/34/CE maidir le faisnéis a bhaineann le cáin ioncaim a bheith á nochtadh ag gnóthais agus ag brainsí áirithe.

***Dualgas cúraim stiúrthóirí agus bearta breise chun go mbeadh rialachas corparáideach dírithe níos mó ar an inbhuanaitheacht***

Ní hionann cuideachtaí agus eintitis theibí atá dínasctha ó dhúshláin chomhshaoil agus shóisialta an lae inniu. Ba cheart dóibh cur leis an inbhuanaitheacht ar bhealach níos gníomhaí toisc go bhféadfadh a bhfeidhmíocht, a n-athléimneacht agus fiú a marthanas a bheith ag brath ar an bhfreagairt leordhóthanach a thugann siad ar chúrsaí comhshaoil agus sóisialta. I ndáil leis sin, ba cheart dualgas cúraim stiúrthóirí i leith na cuideachta a shainiú, ní hamháin maidir le brabús gearrthéarmach scaireanna a uasmhéadú, ach freisin maidir le hábhair imní a bhaineann leis an inbhuanaitheacht. Mar gheall ar an ról tábhachtach atá ag stiúrthóirí ó thaobh straitéis cuideachtaí a shainiú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar a hoibríochtaí, ba cheart é a bheith de dhualgas orthu leasanna fadtéarmacha agus rioscaí, tionchair, deiseanna agus spleáchais inbhuanaitheachta a chomhtháthú i straitéis fhoriomlán na cuideachta.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil gá le creat nua lena n-áiritheofar go mbeidh freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta de chuid gnóthas as straitéis chorparáideach inbhuanaitheachta a shainiú agus a nochtadh agus as faireachán a dhéanamh uirthi. Ba cheart go n-éileofaí leis an dualgas sin leas na ngeallsealbhóirí, a bhféadfadh drochthionchar a bheith ag gníomhaíochtaí na cuideachta orthu, a chur san áireamh. Is é tuairim an Rapóirtéara gur cheart spriocanna intomhaiste, sonracha, faoi cheangal ama agus eolaíochtbhunaithe atá ailínithe le gealltanais an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta a áireamh sa straitéis inbhuanaitheachta. Ba cheart beartais maidir le cearta fostaithe a chomhtháthú níos fearr sna gníomhaíochtaí gnó, sainmhíniú ar bheartas tuarastail cóir agus cúrsaí earnáilsonracha agus/nó geografacha a áireamh inti freisin.

Ba cheart na geallsealbhóirí ábhartha uile, amhail scairshealbhóirí, ionadaithe fostaithe agus geallsealbhóirí seachtracha a ndéanann gníomhaíochtaí na cuideachta difear dóibh, a áireamh sa phróiseas chun an straitéis inbhuanaitheachta a shainiú agus chun faireachán a dhéanamh uirthi. Ag brath ar mhéid na cuideachta, ba cheart breithniú a dhéanamh ar oibleagáid maidir

le coistí comhairleacha a bhunú chun na críche sin.

25.10.2020

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

don Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe
(2020/2137(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Heidi Hautala

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, toisc gurb é an coiste atá freagrach é, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfáth, cé gurb iad na stáit agus na rialtais amháin atá freagrach as cearta an duine ina dtíortha féin a chosaint, go gcuimsítear le rialachas corparáideach inbhuanaithe ‘freagracht chorparáideach chun cearta an duine a urramú’ mar a shainítear i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine; á mheabhrú go bhfuil an ghéarchéim eacnamaíoch is mó ar fud an domhain ag bagairt ar gheilleagar an Aontais ó bhí an Spealadh Mór ann, agus go bhfuil cuideachtaí ar fud na hEorpa buailte go mór; á chur i bhfáth, ag an am seo, gur cheart aird a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag aon tionscnamh nua reachtach ar an ualach riaracháin a bhíonn ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) go háirithe dá bharr, agus ar an tionchar a bhíonn aige ar an bhfostaíocht i gcuideachtaí an Aontais agus ar a rannpháirtíocht i margaí idirnáisiúnta; á mheabhrú go mbaineann tábhacht le hidirthréimhsí chun deimhneacht dhlíthiúil agus dea-reachtaíocht a chruthú;

2. á iarraidh go ndéanfar trí thogra reachtacha ar leith, a threisíonn a chéile mar sin féin, maidir le dualgais stiúrthóirí agus rialachas corparáideach inbhuanaithe, maidir le cearta daonna corparáideacha agus dícheall cuí comhshaoil, agus maidir le hathchóiriú na Treorach maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais[1];

3. á athdhearbhú gur príomhghné den gheilleagar domhanda iad slabhraí soláthair domhanda ach go bhféadfadh baol níos mó a bheith ann go n-eascródh sáruithe ar chearta an duine agus ar chearta an tsaothair agus saoirse ó phionós i gcás coireanna comhshaoil as cineál casta agus easpa cuntasachta corparáide na slabhraí soláthair domhanda sin, agus nach mór don bheartas trádála rannchuidiú le rialachas corparáideach trédhearcach, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, mar go ndéanann sé difear do shlabhraí soláthair, lena n-áirítear

[1] IO L 330, 15.11.2014, lch. 1.

slabhraí fochonraitheoireachta, agus a thaispeáint go bhfuil caighdeáin shóisialta, caighdeáin maidir le cearta an duine agus caighdeáin shóisialta agus sábháilteachta á gcomhlíonadh i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn;

4. ag cur béim ar an bhfíoras gur colún tábhachtach é rialachas corparáideach inbhuanaithe, lena gcuirtear ar chumas an Aontais geilleagar a bhaint amach atá athléimneach agus inbhuanaithe araon, chun cothroime iomaíochta a fheabhsú ar mhaithe le hiomaíochas idirnáisiúnta chuideachtaí an Aontais a choinneáil agus a threisiú agus oibrithe agus gnólachtaí an Aontais a chosaint ar iomaíocht éagórach ó thríú tíortha, agus a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, dul chun tairbhe do bheartas trádála agus infheistíochta an Aontais, má dhéantar é a thomhas go leordhóthanach agus go comhréireach;

5. ag tabhairt dá haire gur nochtadh le paindéim COVID-19 leochaileachtaí na slabhraí soláthair domhanda, agus gur léiríodh léi nach leor na rialacha deonacha astu féin, mar a chonacthas, mar shampla in earnáil an éadaigh inar cuireadh isteach ar tháirgeacht le linn na géarchéime, rud as ar eascair éifeachtaí diúltacha ar fud an tslabhra soláthair; ag tabhairt dá haire go bhfuil ag éirí níos fearr le gnólachtaí a bhfuil cleachtais chomhshaoil, shóisialta agus rialachais dhea-shainithe agus próisis maolaithe riosca níos fearr acu na cosa a thabhairt leo ón ngéarchéim; ag aithint go bhfuil sé ráite[2] ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) gur dócha, maidir le cuideachtaí a bhfuil céimeanna réamhghníomhacha á nglacadh acu chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le géarchéim COVID-19 ar bhealach lena maolófar na drochthionchair a bhíonn ar oibrithe agus ar shlabhraí soláthair, gur dócha go gcruthóidh siad níos mó luacha agus athléimneachta san fhadtéarma agus go gcuirfidh siad lena n-inmharthanacht sa ghearrthéarma agus lena n-ionchais maidir le téarnamh sa mheántéarma agus san fhadtéarma;

6. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur léiríodh leis an taighde a rinneadh le déanaí[3] maidir le cur chun feidhme Threoir an Aontais maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais nach gcuireann níos mó ná trí cheathrú de chuideachtaí faisnéis ar fáil maidir lena slabhraí soláthair, fiú in earnálacha ardriosca, cé is moite d’earnáil an éadaigh ina gcuireann líon suntasach cuideachtaí liosta ginearálta nó mionsonraithe dá gcuid soláthróirí ar fáil; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh oibleagáidí éagsúla a bheith ar chuideachtaí atá liostaithe go poiblí, ar chuideachtaí poiblí neamhliostaithe agus ar chuideachtaí príobháideacha atá cláraithe san Aontas faoin dlí náisiúnta maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé cothrom na Féinne a bhaint amach i dtaobh cuideachtaí atá cláraithe lasmuigh den Aontas agus nach gcloíonn i gcónaí le prionsabail an rialachais chorparáidigh inbhuanaithe, ar cuideachtaí iad a mbíonn drochthionchar acu ar fhiontair an Aontais agus ar a bhfostaithe; á chur i

[2] http://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/covid-19-and-responsible-business-conduct-02150b06/#:~:text=A%20responsible%20business%20conduct%20(RBC,both%20government%20and%20business%20response

[3] Tuarascáil Taighde na Comhghuaillíochta um Thrédhearcacht Chorparáideach, 2019: *An analysis of the sustainability reports of 1000 companies pursuant to the EU Non-Financial Reporting Directive* [Anailís ar thuarascálacha inbhuanaitheachta 1000 cuideachta de bhun Threoir AE maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais], lch. 6, ar fáil ag http://www.allianceforcorporatetransparency.org/assets/2019_Research_Report%20_Alliance_for_Corporate_Transparency-7d9802a0c18c9f13017d686481bd2d6c6886fea6d9e9c7a5c3cfafea8a48b1c7.pdf

bhfáth gur cheart feidhm a bheith ag rialachas corparáideach inbhuanaithe maidir le gach cuideachta de chuid an Aontais agus maidir le gach cuideachta neamh-AE atá ag feidhmiú sa mhargadh aonair; á iarraidh ar an gCoimisiún leas a bhaint as an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais mar dheis chun ceanglais tuairiscithe agus in-fhorfheidhmeacht an tuairiscithe a fheabhsú agus a áirithiú go ndéantar caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta agus caighdeáin maidir le cearta an duine a chomhlíonadh;

7. ag aithint gur deimhníodh le torthaí an staidéir le déanaí ón gCoimisiúnagus a rinneadh le linn na tréimhse idir 1992 agus 2018, maidir le dualgais stiúrthóirí agus rialachas corparáideach inbhuanaithe, go bhfuil treocht ann go bhfuil luí níos mó ag formhór chuideachtaí an Aontais leis an ngearrthéarmachas seachas leis an bhfadtéarmachas agus leis an inbhuanaitheacht, agus; á chur i bhfios go láidir gur tionchar neamh-inbhuanaithe an tionchar atá ag ngearrthéarmachas corparáideach sin ar chleachtais trádála gnó an Aontais i dtríú tíortha; á chur i bhfáth gur cheart a chuimsiú i ndualgais stiúrthóirí an oibleagáid chun gnéithe fadtéarmacha den inbhuanaitheacht a chomhtháthú ina straitéis ghnó agus iad ag tógáil ar spriocanna inbhuanaitheachta a théann níos faide ná an tosaíocht reatha a thugtar do luach scairshealbhóirí, agus chun faisnéis iomchuí a nochtadh, agus beartas iomaíochta agus leasanna dlisteanacha á gcur san áireamh chun saineolas maidir le gnó inmheánach a chosaint; á chur i bhfáth gur cheart d’fhorbairt na straitéisí sin a bheith bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta shóisialta agus chomhshaoil agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus gur cheart dul i gcomhairle le pobail áitiúla i gcás inarb iomchuí a áireamh ann; ag tabhairt dá haire go bhféadfaí comhdhéanamh cothrom de na grúpaí comhairleacha baile (DAGanna) agus de na ceachtanna a foghlaimíodh óna dtaithí mar idirphlé struchtúrtha cuimsitheach a úsáid mar shamhail do struchtúir chorparáideacha de chuid an Aontais lena gcuirtear an tsochaí shibhialta san áireamh; ag tabhairt dá haire go bhféadfaí cur le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin mar thoradh ar leasuithe ar an gcomhdhéanamh a bhíonn ar bhord stiúrthóirí, trí chomhalta a cheapadh a bhfuil eolas aige nó aici ar rialachas corparáideach inbhuanaithe mar shampla; á mheas gur cheart an cheist maidir le raon feidhme infheidhmeacht na mbeart sin a chinneadh bunaithe ar an riosca díobhála a bhíonn ann; ag tabhairt dá haire gur cheart do gach iarracht a bheith i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag oibleagáidí maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe ar institiúidí airgeadais a chuireann maoiniú trádála ar fáil;

9. á chur i bhfáth go bhfuil ceanglas ann faisnéis a nochtadh maidir leis an gcaoi a ndéanann cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus fostaithe, urraim do chearta an duine, agus breabaireacht agus éilliú difear do chuideachta, don tsochaí agus don chomhshaol (i.e. ‘caighdeán na hábharthachta dúbailte’) agus gur cheart roinnt na faisnéise ábhartha uile maidir leis an slabhra soláthair a áireamh ann; ag tabhairt dá haire go ndéantar an fhaisnéis sin a roinnt de bhun na rialacha a leagtar síos sa Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais; á chur i bhfáth nach mór aon cheanglais nua de chuid an Aontais a bheith i gcomhréir leis na caighdeáin éagsúla idirnáisiúnta tuairiscithe amhail an Tionscnamh Tuairiscithe Domhanda, an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta na hInbhuanaitheachta agus an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thuairisciú Comhtháite ar mhaithe le cothrom na Féinne a áirithiú do chuideachtaí Eorpacha; ag tabhairt dá haire a

thábhachtaí atá sé treoirlínte agus tásca cuimsitheacha a chur ar fáil maidir leis an méid faisnéise is gá a roinnt maidir le slabhraí luacha;

10. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an rialachán nua maidir le tacsanomaíocht agus a thábhachtaí atá sé do shlabhraí soláthair; á chur i bhfáth gur cuid bhunúsach de rialachas corparáideach inbhuanaithe é dul i ngleic le seachaint cánach;

11. ag aithint an togra ón gCoimisiún go n-ullmhófaí reachtaíocht maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus dícheall cuí bunaithe ar Threoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Gnó Freagrach, na caighdeáin a leagtar amach i gcroíchoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfadh scéimeanna deimhniúcháin ar leibhéal an Aontais a bheith ann do shlabhraí soláthair mar thionscnamh comhlántach lena thogra reachtach maidir le dícheall cuí; á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas cén reachtaíocht atá ann cheana a d'fhéadfaí a thabhairt cothrom le dáta nó a chuíchóiriú;

12. á chur i bhfios go láidir nár cheart tuiscint chúng a bheith ar rialachas corparáideach inbhuanaithe mar reachtaíocht díchill chuí amháin ach go bhfuil ról ríthábhachtach ag beartas trádála freisin maidir le meascán cliste beart lena gcothaítear urraim do chearta an duine agus lena maolaítear damáiste don chomhshaol; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá comhleanúnachas idir struchtúir rialachais chorparáidigh ghnólachtaí an Aontais agus iarrachtaí an Aontais san idirphlé le tríú tíortha maidir le gnó freagrach a dhéanamh trí chaibidlí maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe i gComhaontuithe Saorthrádála; á chur i bhfáth gur cheart an rialachas corparáideach inbhuanaithe agus an dícheall cuí corparáideach araon a chur san áireamh san Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála atá ar bun faoi láthair.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 27.10.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 34<br>—: 3<br>0: 6 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Udo Bullmann, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Miroslav Číž, Arnaud Danjean, Paolo De Castro, Emmanouil Fragkos, Raphaël Glucksmann, Markéta Gregorová, Enikő Győri, Roman Haider, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Danuta Maria Hübner, Herve Juvin, Maximilian Krah, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Inma Rodríguez-Piñero, Massimiliano Salini, Helmut Scholz, Liesje Schreinemacher, Sven Simon, Dominik Tarczyński, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Jan Zahradil |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Svenja Hahn, Jean-Lin Lacapelle |

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

| 34 | + |
|---|---|
| ECR | Emmanouil Fragkos |
| ID | Danilo Oscar Lancini |
| GUE/NGL | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| NI | Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó |
| EPP | Anna-Michelle Asimakopoulou, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Christophe Hansen, Danuta Maria Hübner, Gabriel Mato, Massimiliano Salini, Sven Simon, Iuliu Winkler |
| ATHNUAIGH | Barry Andrews, Jordi Cañas, Svenja Hahn, Samira Rafaela, Liesje Schreinemacher, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Udo Bullmann, Miroslav Číž, Paolo De Castro, Raphaël Glucksmann, Bernd Lange, Margarida Marques, Inma Rodríguez-Piñero, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt |
| NA GLASAIGH/SCE | Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Heidi Hautala, Sara Matthieu |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Herve Juvin, Maximilian Krah |
| EPP | Jörgen Warborn |

| 6 | 0 |
|---|---|
| ECR | Geert Bourgeois, Dominik Tarczyński, Jan Zahradil |
| ID | Roman Haider, Jean-Lin Lacapelle |
| EPP | Enikő Győri |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

29.10.2020

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN gCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

don Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe
(2020/2137(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Pascal Canfin

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, toisc gurb é an coiste atá freagrach é, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm le Comhaontú Pháras an méadú ar mheánteocht an phláinéid a choinneáil roinnt mhaith níos ísle ná 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn a chur leis an méadú teochta ag 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;

B. de bhrí gur léirigh COVID-19 na hidirnaisc mhóra idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an chomhshaoil; de bhrí nár cheart don fhorbairt inbhuanaithe a bheith teoranta do chosaint an chomhshaoil agus na haeráide amháin, ach gur cheart go bhféachfaí léi freisin leis an leibhéal is airde cosanta agus forbartha a áirithiú do dhaoine, do neacha beo agus d'éiceachórais; de bhrí go dtugtar aghaidh le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ar shaincheisteanna ilearnálacha, lena n-áirítear fostaíocht iomlán tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách; de bhrí go bhfuil acmhainneacht mhór ag rialachas corparáideach inbhuanaithe chun a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí leis na spriocanna sin uile a bhaint amach;

C. de bhrí go bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe ar na luachanna a luaitear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus de bhrí go bhfuil a bheartas comhshaoil bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, mar a luaitear in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

D. de bhrí go n-éilíonn an geilleagar domhanda atá ag athrú go tapa múnla rialachais chorparáidigh lena dtabharfar aghaidh ar na dúshláin is práinní amhail an t-athrú aeráide, díghrádú comhshaoil, tubaistí nádúrtha agus éagothromaíochtaí domhanda atá

ag dul i méid; de bhrí go bhfuil ceithre cinn de na naoi dteorainn phláinéadacha á sárú faoi láthair ag an Aontas agus ag an gcine daonna ina iomláine;

E. de bhrí gur minic a bhíonn saothrú neamh-inbhuanaithe an chomhshaoil nádúrtha agus dhaonna mar thoradh ar an iomaíocht dhomhanda atá ag dul i méid i dtaobh rochtain ar acmhainní nádúrtha;

F. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag rialachas corparáideach i gcomhlíonadh ghealltanais an Aontais maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme;

G. de bhrí go bhfuil rioscaí tromchúiseacha ag baint leis an athrú aeráide do shlándáil an tsoláthair bia, eadhon d'infhaighteacht, inrochtaineacht agus úsáid bia agus do chobhsaíocht na gcóras bia; de bhrí gurb ionann banfheirmeoirí agus 45-80 % den táirgeadh iomlán bia i dtíortha i mbéal forbartha, agus tionchar díréireach ag an athrú aeráide agus ag díghrádú comhshaoil orthu;

H. de bhrí go bhfuil an dífhoraoisiú freagrach as 20 %, ar an meán, d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ar daoine is cúis leo; de bhrí gur meabhrúchán cumhachtach iad an dífhoraoisiú sa Bhrasaíl agus róshaothrú na mórmhara go bhfuil géarghá le rialachas níos inbhuanaithe ar an gcomhshaol ar fad an domhain;

I. de bhrí go bhfuil breis tíortha agus údaráis phoiblí ag tabhairt stádas dlíthiúil d'éiceachórais; de bhrí gur chumhdaigh Eacuadór Cearta an Dúlra ina Bhunreacht, agus ar an gcaoi sin go n-aithníonn sé an ceart dosháraithe atá ag éiceachórais a bheith ann agus a bheith faoi rath, agus gur thug sé an ceart do dhaoine, do phobail agus do náisiúin eile fiú Cearta an Dúlra a fhorfheidhmiú agus bearta coisctheacha agus sriantacha a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí a bhféadfadh díothú speiceas, scriosadh éiceachóras nó athrú buan ar thimthriallta nádúrtha a bheith mar thoradh orthu;

J. de bhrí go mbunaítear le Coinbhinsiún Aarhus roinnt cearta comhshaoil don phobal agus do chomhlachais, lena n-áirítear an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, an ceart chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht chomhshaoil agus an ceart chun rochtain a fháil ar cheartas;

K. de bhrí go bhfuair Coiste na Náisiún Aontaithe um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus in 2017 go raibh Coinbhinsiún Aarhus á shárú ag an Aontas toisc nár cheadaigh sé do dhaoine den phobal agóid a dhéanamh i gcoinne chinntí institiúidí an Aontais os comhair chúirteanna an Aontais;

L. de bhrí gur chuir an Coimisiún le huaillmhianta don tréimhse idir 2019 agus 2024 trí chlár oibre a leagan amach don Chomhaontú Glas don Eoraip, lena ndearbhaítear go gcaithfidh an Eoraip an t-aistriú chuig pláinéad sláintiúil a threorú;

1. á mheas go bhfuil rialachas corparáideach inbhuanaithe ríthábhachtach maidir le treo fadtéarmach na ngnóthas agus maidir lena ngníomhaíochtaí a ailíniú le gnóthú chuspóirí foriomlána comhshaoil an Aontais mar a leagtar síos sa Chomhaontú Glas don Eoraip, chomh maith le tiomantas an Aontais a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú de réir mar a bhogann sé i dtreo na sprice atá aige aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050; á chur i bhfios go láidir gur cheart do gach earnáil rannchuidiú leis an sprioc sin a bhaint

amach;

2. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go ndéantar le comhaontuithe infheistíochta idirnáisiúnta áirithe, amhail an Conradh um Chairt Fuinnimh, tús áite a thabhairt do leasanna airgeadais na gcorparáidí ilnáisiúnta i gcomparáid le tosaíochtaí comhshaoil agus aeráide; ag tathant ar an gCoimisiún gníomhaíocht ghasta a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh na comhaontuithe infheistíochta trádála atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ailínithe go hiomlán le cuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais agus tograí a chur chun cinn chun gníomhú in aghaidh grabáil agus dífhoraoisiú corparáideach talún san athbhreithniú ar an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais (NFRD) atá le teacht;

3. á chur i bhfáth go mbeidh mórthionchar ag an aistriú éiceolaíoch agus ag an méadú ar an digitiú ar an bhfórsa saothair; á mheas, dá bhrí sin, gur cheart, le haon rialachas corparáideach inbhuanaithe, ceart na bhfostaithe ar ghairmoiliúint leanúnach agus ar oideachas ar feadh an tsaoil le linn a n-uaireanta oibre a áirithiú agus a ráthú go héifeachtach;

4. á mheas nach leor ina aonar an cur chuige reatha i leith treoirlínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú neamhairgeadais ag cuideachtaí chun an toradh inmhianaithe ar thuairisciú inchomparáide, iontaofa agus comhsheasmhach ag gnóthais a bhaint amach;

5. á iarraidh go nglacfar caighdeáin an Aontais lena ngabhann ceanglais dhea-shainithe i dtéarmaí inneachair agus inrochtaineachta faisnéise neamhairgeadais ar cheart feidhm a bheith acu maidir le gach gnóthas mór liostaithe agus neamhliostaithe, ar a laghad, atá ag oibriú san Aontas; á chur i bhfios gur gá gur ar mheasúnú tionchair a bhunófaí caighdeáin nua Eorpacha agus gur gá iad a chur in oiriúint d'acmhainneachtaí na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna); á iarraidh go dtabharfar isteach sásraí sonracha do FBManna chun cur chun feidhme na gcaighdeán sin a éascú agus a áirithiú, lena n-áirítear uirlisí tacaíochta teanga chun cabhrú leo rochtain a fháil ar ardáin ar líne;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún gealltanas a thabhairt na caighdeáin sin a fhorbairt le linn an athbhreithnithe ar NFRD atá le teacht; á mheas nár cheart ualach míchuí a chur ar FBManna leis na caighdeáin sin;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cloí le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta agus le Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Gnó Freagrach agus iad a chur chun cinn chun díobháil don chomhshaol agus don bhithéagsúlacht a chosc, a laghdú agus a leigheas, agus aird chuí á tabhairt ar oibleagáidí agus ar ghealltanais chun timpeallacht shábháilte, ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe a áirithiú;

8. á mheas gur cheart do chreat an Aontais cabhair agus cuidiú a thabhairt do chuideachtaí, go háirithe le FBManna, trína áirithiú go mbíonn nochtaí i measc cuideachtaí in aon earnáil amháin soiléir, cothrom, intuigthe agus inchomparáide;

9. á mheas, thairis sin, gur cheart comhsheasmhacht reachtaíocht an Aontais maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe a bhaint amach ní hamháin tríd an oibleagáid chun faisnéis a thuairisciú, ach freisin trí oibleagáidí nithiúla, comhréireacha agus in-fhorfheidhmithe a thabhairt isteach agus trí chuspóirí cainníochtaithe a thabhairt isteach, bunaithe ar mheasúnú tionchair; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh an t-

athbhreithniú ar NFRD i gcomhréir le Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe agus sainiú a dhéanamh, ar bhealach sainordaitheach agus ceangailteach, ar na híoschaighdeáin a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le cuideachtaí; á mheas, thairis sin, gur cheart dreasachtaí a thabhairt isteach freisin maidir leis an mbealach chun na bearta sin a chur chun feidhme, go háirithe i gcás cuideachtaí níos lú;

10. á mheas gur cheart, i straitéisí corparáideacha inbhuanaitheachta, tosaíocht a thabhairt do leasanna fadtéarmacha chun aistriú sainordaitheach ó infheistíochtaí agus cleachtais chorparáideacha neamh-inbhuanaithe a éascú i dtreo oibríochtaí níos inbhuanaithe lena ndéantar cuspóirí comhshaoil agus aeráide amhail táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, laghdú dramhaíola agus geilleagar fíorchiorclach a chur chun cinn;

11. á mheabhrú go mbraitheann nádúr inbhuanaithe cuideachtaí ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann a lucht bainistíochta a n-oibleagáidí comhshaoil agus sóisialta a chomhlíonadh go hiomlán; á chur i bhfáth go bhfuil gá le seirbhísí láidre, neamhspleácha cigireachta lena áirithiú go n-urramófar go hiomlán na hoibleagáidí sin;

12. á iarraidh, ina leith sin, go nglacfar creat reachtach de chuid an Aontais lena gceanglaítear ar ghnóthais straitéis chorparáideach inbhuanaitheachta a bhunú, a chur chun feidhme, a mheasúnú go rialta agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile; á chreidiúint gur cheart, leis an straitéis sin, aghaidh a thabhairt go háirithe ar thionchair chomhshaoil na gcuideachtaí amhail cailliúint na bithéagsúlachta agus an dífhoraoisiú, chomh maith le pleanáil mheántéarmach agus fhadtéarmach chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050;

13. á aithint, cé go bhfuil mná leochaileach ó thaobh éifeachtaí an athraithe aeráide, gur gníomhairí éifeachtacha don athrú iad freisin i ndáil le maolú agus oiriúnú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit príomhshruthú inscne a áireamh ina n-anailísí comhshaoil, ina gceapadh beartais, ina bpleananna gníomhaíochta agus in aon bhearta eile is infheidhme maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe agus maidir leis an athrú aeráide chun aird níos fearr a thabhairt ar pheirspictíochtaí inscne.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 29.10.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 66<br>–: 11<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nikos Androulakis, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurelia Beigneux, Monika Beňová, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Eleonora Evi, Agnès Evren, Fredrick Federley, Pietro Fiocchi, Catherine Griset, Jytte Guteland, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Petros Kokkalis, Athanasios Konstantinou, Joanna Kopcińska, Sylvia Limmer, Javi López, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Joëlle Mélin, Tilly Metz, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Dan-Ştefan Motreanu, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O’Sullivan, Jutta Paulus, Jessica Polfjärd, Luisa Regimenti, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Linea Søgaard-Lidell, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria Arena, Manuel Bompard, Antoni Comín i Oliveres, Margarita de la Pisa Carrión, Sven Giegold, Jens Gieseke, Nicolás González Casares, Christophe Hansen, Laura Huhtasaari, Ondřej Knotek, Róża Thun und Hohenstein |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 66 | + |
|---|---|
| PPE | Bartosz Arłukowicz, Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Christian Doleschal, Agnès Evren, Jens Gieseke, Christophe Hansen, Adam Jarubas, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Dan-Ştefan Motreanu, Ljudmila Novak, Christine Schneider, Róża Thun und Hohenstein, Edina Tóth, Michal Wiezik |
| S&D | Nikos Androulakis, Maria Arena, Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nicolás González Casares, Jytte Guteland, Javi López, Alessandra Moretti, Sándor Rónai, Günther Sidl, Tiemo Wölken |
| ATHNUAIGH | Pascal Canfin, Fredrick Federley, Martin Hojsík, Jan Huitema, Ondřej Knotek, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir |
| NA GLASAIGH/ALE | Margrete Auken, Sven Giegold, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus |
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Joanna Kopcińska, Alexandr Vondra, Anna Zalewska |
| GUE/NGL | Malin Björk, Manuel Bompard, Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Mick Wallace |
| NI | Antoni Comín i Oliveres, Eleonora Evi, Athanasios Konstantinou |

| 11 | - |
|---|---|
| PPE | Jessica Polfjärd |
| ID | Simona Baldassarre, Aurelia Beigneux, Marco Dreosto, Catherine Griset, Laura Huhtasaari, Sylvia Limmer, Joëlle Mélin, Luisa Regimenti, Silvia Sardone |
| ECR | Rob Rooken |

| 3 | 0 |
|---|---|
| PPE | Pernille Weiss |
| ATHNUAIGH | Linea Søgaard-Lidell |
| ECR | Margarita de la Pisa Carrión |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 16.11.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 13<br>–: 5<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Geoffroy Didier, Ibán García Del Blanco, Jean-Paul Garraud, Esteban González Pons, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Franco Roberti, Marcos Ros Sempere, Stéphane Séjourné, Marie Toussaint, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Lara Wolters |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Patrick Breyer, Daniel Buda, Jorge Buxadé Villalba, Caterina Chinnici, Pascal Durand, Heidi Hautala, Sabrina Pignedoli |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Daniel Freund |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 13 | + |
|---|---|
| PPE | Geoffroy Didier |
| S&D | Ibán García Del Blanco, Franco Roberti, Marcos Ros Sempere, Tiemo Wölken, Lara Wolters |
| ATHNUAIGH | Pascal Durand, Karen Melchior, Stéphane Séjourné, Adrián Vázquez Lázara |
| NA GLASAIGH/SCE | Patrick Breyer, Marie Toussaint |
| GUE/NGL | Manon Aubry |

| 5 | - |
|---|---|
| PPE | Esteban González Pons, Axel Voss |
| ID | Jean-Paul Garraud, Gilles Lebreton |
| ECR | Angel Dzhambazki |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh